C/2024/2375

26.3.2024

Fógra faisnéise ón gCoimisiún de bhun Airteagal 16(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh oibriú aersheirbhísí sa Chomhphobal

Oibleagáidí seirbhíse poiblí i leith aersheirbhísí sceidealta

(C/2024/2375)

An Ballstát	An Spáinn
An t-aerbhealach lena mbaineann	Almería – Sevilla
Dáta athoscailte na mbealaí OSP d'aeriompróirí Comhphobail	1/11/2024
An seoladh ónar féidir an téacs agus aon fhaisnéis nó doiciméadacht eile a fháil a bhaineann leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí.	Ministerio de Transportes y Movilidad Sostenible Dirección General de Aviación Civil Subdirección General de Transporte Aéreo Paseo de la Castellana 67 28071 Maidrid ESPAÑA Teil. +34 915977505 Facs +34 915978643 seoladh ríomhphoist: osp.dgac@transportes.gob.es

Féadfar an bealach atá faoi réir oibleagáidí seirbhíse poiblí a oibriú ar bhonn rochtain trí shaoriomaíocht ón 1 Samhain 2024. I gcás nach gcuireann aon aeriompróir clár seirbhísí isteach atá i gcomhréir leis na hoibleagáidí seirbhíse poiblí a forchuireadh, déanfar an rochtain a theorannú chuig aon aeriompróir amháin tríd an nós imeachta comhfhreagrach um thairiscint phoiblí, i gcomhréir le hAirteagal 16 (9) de Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008.